Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9707/19**

**TOUR 10**
**IND 186**
**COMPET 434**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Bealtaine 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9264/19 TOUR 9 IND 174 COMPET 399 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le hiomaíochas na hearnála turasóireachta mar thionscnóir an fháis inbhuanaithe, post agus an chomhtháthaithe shóisialta san Aontas sna deich mbliana atá romhainn<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh ar an 27/05/2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le hiomaíochas na hearnála turasóireachta mar thionscnóir an fháis inbhuanaithe, post agus an chomhtháthaithe shóisialta san Aontas sna deich mbliana atá romhainn, a ghlac an Chomhairle ag an 3694ú cruinniú a bhí aici ar an 27 Bealtaine 2019.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE hIOMAÍOCHAS NA hEARNÁLA TURASÓIREACHTA MAR THIONSCNÓIR AN FHÁIS INBHUANAITHE, POST AGUS AN CHOMHTHÁTHAITHE SHÓISIALTA SAN AONTAS SNA DEICH mBLIANA ATÁ ROMHAINN**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI

– an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Europe, the world's No 1 tourist destination - a new political framework for tourism in Europe* [An Eoraip, príomhcheann scríbe turasóireachta an domhain - creat polaitiúil nua don turasóireacht san Eoraip] ó mhí an Mheithimh 2010[1] agus conclúidí ón gComhairle mhí Dheireadh Fómhair 2010 i ndáil leis an teachtaireacht sin[2];
– an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A European Strategy for more Growth and Jobs in Coastal and Maritime Tourism* [Straitéis Eorpach le haghaidh tuilleadh Fáis agus Post sa Turasóireacht Chósta agus Mhuirí] ó mhí Feabhra 2014[3] agus an Tuairim ó Choiste na Réigiún ó mhí Dheireadh Fómhair 2014[4];
– an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Towards an integrated approach to cultural heritage for Europe* [I dtreo cur chuige comhtháite maidir le hoidhreacht chultúrtha don Eoraip], ó mhí Iúil 2014[5], agus an Creat Eorpach le haghaidh Gníomhaíochta maidir le hOidhreacht Chultúrtha ó mhí na Nollag 2018[6];
– Conclúidí ón gComhairle mhí na Nollag 2014 maidir le "An turasóireacht a neartú trí oidhreacht chultúrtha, nádúrtha agus mhuirí na hEorpa a ghiaráil"[7];
– an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Investing in a smart, innovative and sustainable Industry - A renewed EU Industrial Policy Strategy* [Infheistiú i dtionscal cliste, nuálach agus inbhuanaithe - Straitéis athnuaite an Aontais maidir leis an mBeartas Tionsclaíoch] ó mhí Mheán Fómhair 2017[8] agus conclúidí ón gComhairle mhí na Bealtaine 2017, mhí na Samhna 2017, mhí an Mhárta 2018 agus mhí na Samhna 2018 i ndáil le straitéis an Aontais maidir leis an mbeartas tionsclaíoch[9];

---

1 11883/10.
2 14944/10.
3 6875/14.
4 CER 2645/2014.
5 12150/14.
6 15343/18.
7 16535/14.
8 12202/17.
9 9760/17, 15223/17, 7037/18 agus 14832/18.

– Tuairim ó Choiste na Réigiún mhí na Nollag 2016[10];

– clár oibre 2030 do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus Comhaontú Pháras UNFCCC 10 laistigh de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide,

AG FÉACHAINT GO CUÍ DO réimsí inniúlachta faoi seach na mBallstát agus an Choimisiúin, chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta,

1. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil an turasóireacht ar cheann de phríomhearnálacha gheilleagar na hEorpa agus go bhfuil tionchar níos dearfaí i rith an ama aici ar an bhfás eacnamaíoch, ar an bhforbairt réigiúnach agus ar an bhfostaíocht san Eoraip, agus gurb ionann í agus corradh le 10 % de OTI an Aontais agus beagnach 12 % den lucht saothair iomlán[11]; AITHNÍONN SÍ teacht aniar mór earnáil na turasóireachta a rannchuidigh go mór le téarnamh an Aontais ón ngéarchéim eacnamaíoch dheiridh;

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é an tAontas Eorpach an ceann scríbe turasóireachta is mó ar domhain; is mó a sciar den mhargadh domhanda ná 40%[12] agus tháinig 562 milliún duine ó áiteanna ar fud an domhain chuige le naoi mbliana anuas ar lena linn a raibh fás inbhuanaithe ann san Aontas; CUIREANN SÍ I bhFIOS gurb é an margadh is mó don turasóireacht san Eoraip an turasóireacht laistigh de réigiún agus an turasóireacht idir-réigiúnach[13];

3. CUIREANN SÉ I bhFÁTH gurb amhlaidh, mar chuid de straitéisí um speisialtóireacht chliste, go rannchuidíonn an nuálaíocht trasearnála, lena n-áirítear san earnáil turasóireachta, le geilleagair áitiúla a athbheochan agus le comhtháthú réigiúnach ar fud an Aontais, agus go bhfuil an turasóireacht ina príomhearnáil straitéiseach a d'fhéadfadh cur tuilleadh leis an bhfás eacnamaíoch;

---

10 NAT-VI/009.

11 Meastacháin samhailbhunaithe ar rannchuidiú díreach agus indíreach na turasóireachta, Comhairle an Taistil Dhomhanda agus na Turasóireachta, 2018.

12 Baraiméadar UNWTO maidir leis an Turasóireacht Dhomhanda - Eanáir 2019.

13 Treochtaí Turasóireachta an Aontais Eorpaigh - UNWTO, 2018.

4. AITHNÍONN SÍ go rannchuidíonn an turasóireacht chun na luachanna comhroinnte Eorpacha atá againn a neartú agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá an turasóireacht a fhorbairt trí idirghníomhaíocht dhlúth idir na húdaráis inniúla ar bhealach inbhuanaithe chun oidhreacht chultúrtha, thionsclaíoch agus nádúrtha an Aontais a chaomhnú do na glúine atá le teacht agus pobail áitiúla á n-urramú ag an am céanna; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sineirgí idir an turasóireacht agus an cultúr agus rannchuidiú na sineirgí sin leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an bhfostaíocht;

5. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá dea-fheidhmiú an mhargaidh aonair, lena n-áirítear an ghné dhigiteach de, mar bhunchloch d'fhás an Aontais lena gcuirtear na dálaí creata is gá ar fáil atá bunriachtanach le go mbainfear an tairbhe is fearr is féidir as an turasóireacht Eorpach agus as deiseanna na turasóireachta sin; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an margadh sin chun seirbhísí iomaíocha a áirithiú chun go ndéanfar earnáil na turasóireachta a fhorbairt tuilleadh go háirithe do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról tábhachtach atá ag FBManna, arb iadsan formhór mór na bhfiontar in earnáil na turasóireachta iad agus AITHNÍONN SÍ riachtanais shonracha na FBManna sin go mbeadh timpeallacht ghnó fhabhrach ann mar aon le creat intuartha reachtach;

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS samhlacha nua gnó a bheith ag teacht chun cinn in earnáil na turasóireachta agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR sa chomhthéacs sin go bhfuil sé tábhachtach a chumasú do ghnólachtaí, do thomhaltóirí agus do shaoránaigh úsáid a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna, ar bhealach iomchuí, ar ábhair imní a bhfuil bonn cirt leo; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le dálaí fabhracha gnó do gach seirbhís turasóireachta agus do sholáthraithe na seirbhísí sin feadh an tslabhra luacha turasóireachta chun go mbeidh forbairt na turasóireachta sa mhargadh aonair cothrom agus inbhuanaithe; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit breis soiléireachta a thabhairt maidir leis na rialacha is infheidhme i ndáil le samhlacha nua gnó, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le seirbhísí cíosa cóiríochta gearrthéarmaí san Aontas, agus dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an obair leantach ar an teachtaireacht a d'eisigh sé i mí Mheithimh 2016 a shaothrú, ar teachtaireacht maidir le "Clár oibre Eorpach don gheilleagar comhoibríoch"[14] í;

[14] 9911/16.

7. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach creat agus bonneagair iomchuí a fhorbairt chun nascacht inmheánach agus sheachtrach an Aontais a chothú; LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról atá ag samhlacha eolais agus infheistíochta cliste maidir leis an nuálaíocht agus glacadh ardteicneolaíochtaí in earnáil na turasóireachta a éascú; CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá tacú go leordhóthanach leis an digitiú agus an nuálaíocht chun gurb iomaíche agus inbhuanaithe a bheidh an tairiscint turasóireachta agus chun go gcumasófar do na húdarás inniúla sonraí staidrimh tráthúla agus ardcháilíochta a fháil chun tacú le próisis chinnteoireachta agus bainistiú turasóireachta a bheith éifeachtúil éifeachtach;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tionchar dearfach ar earnáil na turasóireachta atá ag cláir ábhartha an Aontais amhail an clár reatha le haghaidh Iomaíochais fiontar agus FBManna agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá rannchuidiú ionchasach na gclár Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), gan dochar don chaibidlíocht atá ar siúl maidir leis an gcéad CAI eile;

9. LEAGANN SÍ BÉIM AR na sochair a bhaineann le sineirgí a lorg agus a shaothrú, idir an turasóireacht agus earnálacha ábhartha eile, amhail tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, ceirdeanna, bia agus deochanna, iompar, foirgníocht, pleanáil spásúil agus uirbeach, TFC/ardteicneolaíochtaí, muirí, talmhaíocht, spórt, áineas, oideachas, sláinte agus folláine;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé bearnaí scileanna a dhúnadh agus oirchill agus forbairt na scileanna is gá do ghairmithe turasóireachta ar gach leibhéal a chur chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le digitiú, mar cheann de na príomhthosca le haghaidh an iomaíochais, cáilíocht post agus deiseanna forbartha gairme in earnáil na turasóireachta;

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil ar earnáil turasóireachta an Aontais dul i ngleic le hiomaíocht dhomhanda ó thríú tíortha, ar iomaíocht í atá ag géarú i rith an ama, go háirithe ó mhargaí taistil atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil ráta fáis níos airde iontu, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, leas a bhaint as a gcuid sócmhainní cultúrtha agus nádúrtha saibhre éagsúla i dteannta seirbhísí turasóireachta inbhuanaithe, nuálaíocha agus ardcháilíochta, agus iad mar phríomhbhuntáistí iomaíocha an Aontais gona Bhallstáit; AITHNÍONN SÍ freisin nach mór d'údaráis phoiblí agus do ghníomhaithe príobháideacha infheistiú éifeachtach cliste agus glas a dhéanamh sna blianta atá romhainn amach chun iomaíochas agus fás inbhuanaithe earnáil na turasóireachta ina hiomláine san Aontas a neartú;

12. AITHNÍONN SÍ, i bhfianaise a bhfuil thuas, go mbeidh dúshláin chomhroinnte agus deiseanna comhroinnte ann in earnáil turasóireachta an Aontais, rud lena n-imreofar tionchar ar a forbairt sna chéad bhlianta eile, amhail:

– inbhuanaitheacht, lena n-áirítear éifeachtúlacht acmhainní, an geilleagar ciorclach, séasúracht agus bainistiú agus dáileadh sreafaí méadaitheacha turasóireachta;
– nuálaíocht agus digitiú, lena n-áirítear samhlacha nua gnó;
– scileanna, inniúlachtaí agus cáilíocht na bpost;

13. MOLANN SÍ DO na Ballstáit machnamh cuí a dhéanamh ar na dúshláin agus ar na deiseanna sin agus straitéisí náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla turasóireachta á bhforbairt acu agus beartais agus cleachtais a chur chun cinn a rachaidh chun tairbhe na turasóireachta iomaíche, inbhuanaithe, inrochtana cuimsithí lena rannchuideofar le spriocanna aeráide an Aontais agus spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;

14. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. leanúint den chomhar, go háirithe tríd an dea-chleachtas a mhalartú sa turasóireacht, ag teacht le hAirteagal 195 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe na dúshláin agus na deiseanna a luaitear i mír 12 thuas á gcur san áireamh;

b. a mholadh go gcuimseofaí an turasóireacht i straitéisí um speisialtóireacht chliste, i gcás ina gcuireann sin le sócmhainní agus caipiteal daonna i réigiún, agus éiceachórais agus sineirgí tras-nuálaíochta idir an turasóireacht agus réimsí beartais eile a mholadh;

c. tacú le líonraí agus comhpháirtíochtaí idir gníomhaithe príobháideacha agus poiblí, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhpháirtithe sóisialta, agus thar leibhéil éagsúla rialachais, agus comhar trasteorann agus idir-réigiúnach a chothú chun forbairt inbhuanaithe a spreagadh, ar forbairt í arna spreagadh leis an turasóireacht, ar bhonn acmhainní cultúrtha agus nádúrtha an Aontais, lena n-áirítear cinn na limistéar uirbeacha, tuaithe agus oileánacha;

d. idirphlé uile-Eorpach agus malartú dea-chleachtas a spreagadh idir na Ballstáit chun cuir chuige nuálacha a fhorbairt, lena n-áirítear sa turasóireacht chliste, chun go ndéanfar na sreafaí méadaitheacha turasóireachta chuig cinn scríbe Eorpacha a bhainistiú go cothrom agus chun go gcothófar aistriú na turasóireachta Eorpaí ó shamhail atá dírithe ar an bhfás cainníochtúil chuig cur chuige cáilíochtbhunaithe arb iad an fhorbairt inbhuanaithe agus poist ardcháilíochta an toradh a bheidh air;

e. tabhairt faoi íomhá na hEorpa a neartú mar cheann scríbe turasóireachta den chéad scoth, go sonrach a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht, le cuimsitheacht, le cáilíocht a sheirbhísí agus le huathúlacht a réigiún, lena n-áirítear trí shamhlacha turasóireachta inbhuanaithe a chur chun cinn le haghaidh cinn scríbe tarraingteacha, limistéir faoi chosaint agus mar bhealach chun an dídhaonrú a chomhrac agus, ag an am céanna, á áirithiú go bhféadfaidh gach Ballstát tairbhe a bhaint as tionscnaimh den sórt sin;

f. beartais agus gníomhaíochtaí a shaothrú lena n-áirithítear nascacht inbhuanaithe, leanúnach idirmhódúil iompair le cinn scríbe turasóireachta agus i measc na gceann scríbe sin;

g. tógáil ar an obair straitéiseach maidir le forbairt scileanna earnálacha faoin Treoirphlean um chomhar earnála maidir le scileanna[15] sa turasóireacht[16] agus é mar aidhm, *inter alia*, forbairt an oideachais agus scileanna in earnáil na turasóireachta, lena n-áirítear scileanna digiteacha, agus malartú an dea-chleachtais i measc na mBallstát a spreagadh;

h. dul i dteagmháil go gníomhach le hearnáil na turasóireachta agus le geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe FBManna, chun na deiseanna a ghabhann leis an ngeilleagar digiteach a thapú;

i. a áirithiú go ndéantar, le tionscnaimh nua ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, lena ndéantar difear d'earnáil na turasóireachta, breisluach a sholáthar, trí thimpeallacht fhabhrach a leagan amach d'iomaíochas earnáil turasóireachta an Aontais, agus ualach breise díréireach ar ghnólachtaí, go háirithe ar FBManna, agus nach bhfuil bonn cirt leis, á sheachaint ag an am céanna;

---

15 http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1415&langId=ga
16 https://nexttourismgeneration.eu/

j. faisnéis thráthúil a áirithiú maidir le reachtaíocht leanúnach an Aontais lena ndéantar difear don turasóireacht agus idirphlé uile-Eorpach a chothú i measc saineolaithe turasóireachta;

k. smaoineamh an bhféadfaí Bliain Eorpach na Turasóireachta Inbhuanaithe a ainmniú, a d'fhéadfadh cabhrú le héagsúlacht na turasóireachta Eorpaí a chur chun cinn agus próifíl na gceann scríbe turasóireachta nach bhfuil chomh cáiliúil sin a ardú;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- anailís dhomhain a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí agus ar na treochtaí a bheidh ann amach anseo agus ar a n-éifeachtaí ar earnáil na turasóireachta, agus go háirithe aird chuí a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a luaitear i mír 12 thuas;
- i bhfianaise na hanailíse sin, agus teachtaireacht 2010 agus aon obair leantach ina leith á nglacadh mar thagairt, agus le rannpháirtíocht ghníomhach agus rannchuidiú ghníomhach na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí ábhartha, an beartas turasóireachta is ábhartha a shaothrú le fís do 2030 agus chun go ndéanfar suíomh an Aontais mar cheannaire domhanda san earnáil sin a chothabháil;

16. MOLANN SÍ d'earnáil na turasóireachta páirt ghníomhach a ghlacadh sna bearta sin agus rannchuidiú go gníomhach leo;

17. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN an Chomhairle a choimeád ar an eolas go rialta i ndáil le torthaí na ngníomhaíochtaí agus na dtionscnamh sin.